# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

# LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉARDAOIN, 20 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar an **gcéad sé líne**:- (35)

Ultima Tarquinius Romanae gentis habebat
regna, vir iniustus, fortis ad arma tamen.
ceperat hic alias, alias everterat urbes;
et Gabios turpi fecerat arte suos.
namque trium minimus, proles manifesta Superbi,
in medios hostes nocte silente venit. **6**
nuderant gladios: "occidite," dixit, "inermem!
hoc cupiant fratres, Tarquiniusque pater;
qui mea crudeli laceravit verbere terga."
dicere ut hoc posset, verbera passus erat.
luna fuit. spectant iuvenem, gladiosque recondunt,
tergaque, deducta veste, notata vident.

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.
(Tá cúig mharc déag ag dul le gach ceist):- (45)

**(a)** Cérbh é Tarquinius Superbus? Cad a rinne na Rómhánaigh leis ar deireadh thiar?

**(b)** Cad a tharla ar dtús nuair a d'imigh an mac ab óige a bhí ag Tarquinius go Gabii?

**(c)** Mínigh an cleas a d'imir sé ar mhuintir Gabii.

**(d)** Cad a d'fhulaing sé ionas go mbeadh a chleas níos inchreidte?

**(e)** Fuair mac Tarquinius cumhacht mhór in Gabii níos déanaí. Conas a bhain sé feidhm as a chumhacht chun feall a dhéanamh ar bhaile a athar?

**(f)** Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar Óivid.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Thosaigh Daedalus ag déanamh sciathán ionas go n-éalódh sé ón gCréit)*

Daedalus erat artifex, qui multos annos in insula Creta habitabat. Iam Athenas redire volebat, ubi natus erat. Rex tamen Cretae eum iussit in Creta manere.

Daedalus inquit: "quamquam rex terram et mare regit, caelum non tenet." Tum Daedalus alas facere incepit. In terra multas pennas et breves et longas posuit. Daedalus has pennas cera colligavit. Parvus filius, Icarus nomine, eum spectabat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| artifex: *ceardaí.* | Creta: *An Chréit.* | Athenae: *An Aithin.* | natus: *beirthe.* |
| rego: *smachtaím.* | ala: *sciathán.* | penna: *cleite.* | cera: *céir.* |
| colligo: *daingním le chéile.* | | | |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá deich marc ag dul le gach ceist):- **[80]**

*(Bhí grá ag Pyramus agus Thisbe dá chéile, ach ní thabharfadh a dtuismitheoirí cead dóibh casadh ar a chéile)*

Pyramus et Thisbe in proximis domibus habitabant. Pyramus erat pulcherrimus iuvenis, Thisbe omnium puellarum pulcherrima. Primum amici erant, deinde amor eos tenebat. Quamquam matrimonium cupiebant patres matresque eos convenire noluerunt.

Sed Pyramus et Thisbe tanto amore incensi saepe signa inter se dabant. Nam erat parva rima per murum qui duas domus dividebat. Amantes tandem invenerunt hanc rimam, multos annos a nullo conspectam.

| | | |
|---|---|---|
| proximus: *comharsanach.* | primum: *i dtosach.* | matrimonium: *pósadh.* |
| signum: *comhartha.* | rima: *scoilt.* | divido: *roinnim.* |

**(i)** Cá háit a raibh cónaí ar Pyramus agus Thisbe?
**(ii)** Cén chuma a bhí ar Pyramus?
**(iii)** Cén chuma a bhí ar Thisbe?
**(iv)** Cad a tharla nuair a d'iompaigh siad ina gcairde?
**(v)** Cad ba mhaith leo a dhéanamh?
**(vi)** Conas a mhothaigh a dtuismitheoirí faoi seo?
**(vii)** Cad a rinne Pyramus agus Thisbe mar gheall ar a ngrá mór?
**(viii)** Cad é a bhí sa bhalla ag a raibh an dá theach roinnte?
**(ix)** Cá fhad ama a raibh sé sa bhalla sular aimsigh na leannáin é?
**(x)** An bhfaca duine ar bith eile é?
**(xi)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

habito, sum, teneo, cupio, nolo.

**(xii)** Tabhair Tuiseal Ainmneach, Uimhir Iolra, **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

domus, iuvenis, puella, amicus, pater.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag dul le gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Ba chailín álainn í Hero a raibh cónaí uirthi sa Ghréig. (16)

**(b)** Ba mhinic a shnámh Leander trasna na farraige chuici san oíche. (16)

**(c)** Bhí Hero sona ansin mar thug sí grá mór dó. (16)

**(d)** Ach oíche amháin, níor tháinig Leander ann slán. (16)

**(e)** Bhí brón mór ar Hero agus bhéic sí amach, "Cá bhfuil Leander?" (16)

| | |
|---|---|
| *An Ghréig:* Graecia, -ae, *b.* | *snámh*: nato, natare, natavi, natatum. |
| *trasna*: trans + cuspóir. | *go sábháilte*: tute. |

THALL →

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Bhí na foghlaithe mara ag éirí an-rathúil)*

Multi piratae iam erant in omnibus partibus maris. Dum enim milites Romani contra alios hostes pugnant, piratae audaces non solum naves sed etiam insulas urbesque oppugnabant. Ita brevi tempore multam pecuniam habebant.

Erant inter piratas etiam viri nobiles, qui credebant magnum honorem esse in vita piratae. Piratae multos portus, in quibus tuti erant, habebant. Naves eorum celerrimae erant.

pirata: *foghlaí mara.* solum: *amháin.* oppugno: *tugaim fogha faoi.*
nobilis: *uasal.* honor: *onóir.* portus: *cuan.*
tutus: *sábháilte.*

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cérbh é Regulus? Cén ról a d'imir sé sa Chéad Chogadh Púnach?

**(ii)** Déan cur síos ar an mbealach a lean Hannabal agus ionradh á dhéanamh aige ar an Iodáil sa Dara Cogadh Púnach.

**(iii)** Cad a tharla i gcath Cannae in 216 R.Ch.?

**(iv)** Cé hé/hí a bhain úsáid as na focail *delenda est Carthago* agus cé hiad na cúinsí inar úsáideadh iad?

**(v)** Ainmnigh **dhá** mhórleasú a mhol Caius Gracchus.

**(vi)** Cérbh é Jugurtha? Conas a tháinig sé i gcoimhlint leis na Rómhánaigh?

**(vii)** Cad a tharla i gcath Gheata Colline in 82 R.Ch.?

**(viii)** Cérbh é Clóidias? Cén tábhacht a bhain leis sa pholaitíocht Rómhánach?

**(ix)** Cérbh é Vercingetorix? Cad a tharla dó?

**(x)** Déan cur síos ar **dhá** leasú a thug Iúil Caesar isteach nuair a rinneadh deachtóir de.

**B.** Bhí **Mairias** ina chonsal seacht n-uaire. Ba shuntasach an t-éacht é seo i gcás *novus homo* sa Róimh. Déan cur síos ar na príomhchéimeanna ina ghníomhréim suas go dtí a bhás in 86 R.Ch. (20)

**NÓ**

Thug na Rómhánaigh an t-ainm **Magnus (Mór)** ar **Phoimpéas**. Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna ina ghníomhréim. An dóigh leat go raibh an t-ainm "Mór" tuillte aige? (20)

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cén jab a bhí ag *paedagogus*?
- **(ii)** Cá háit a raibh an *compluvium* i dteach Rómhánach? Cén fheidhm a bhí leis?
- **(iii)** Tabhair **dhá** chúis a raibh tábhacht chomh mór sin ag baint leis an ola olóige sa tsochaí Rómhánach.
- **(iv)** Cé hé/hí a déarfadh *ubi tu Gaius, ego Gaia*? Cé na cúinsí ina ndéarfaí é?
- **(v)** Cad ba *Lares* ann?
- **(vi)** Déan cur síos ar cad a tharla sa *Colosseum* sa Róimh.
- **(vii)** Cén ról a bhí ag *quaestor* sa stát Rómhánach?
- **(viii)** Cén ról a bhí ag na Maighdeana Veisteacha sa tsochaí Rómhánach?
- **(ix)** Déan cur síos ar **dhá** chleachtadh a bhain le sochraidí Rómhánacha.
- **(x)** Cad a tharla ag searmanas an tSaortha?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de hipeacóst i gcoimpléasc folcadán Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:-



- **(i)** Cá háit i gcoimpléasc folcadán Rómhánach a bhfaighfeá hipeacóst? (2)
- **(ii)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe an hipeacóist agus abair conas mar a d'fheidhmigh sé. (6)
- **(iii)** Samhlaigh gur Rómhánach tú agus go bhfuil tú ar cuairt go dtí na folcadáin. Déan cur síos ar an mbealach a lean tú trí na folcadáin **agus** ar cad a rinne tú i ngach áit ina raibh tú ar cuairt. (12)

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

Leathanach Bán